Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10885/22**

**COH 62**
**SOC 422**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 324 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Beartas Comhtháthaithe a Uasghrádú – Cúnamh Solúbtha do Chríocha (FAST-CARE) chun aghaidh a thabhairt ar Fhogha na Rúise |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 324 final.

Faoi iamh: COM(2022) 324 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2022
COM(2022) 324 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Beartas Comhtháthaithe a Uasghrádú – Cúnamh Solúbtha do Chríocha (FAST-CARE) chun aghaidh a thabhairt ar Fhogha na Rúise**

GA GA

## 1. Réamhrá

**Tháinig dúshláin nua nach raibh coinne leo don Aontas Eorpach agus don domhan ar fad mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.** Agus an tsochaí seo againne fós i mbun téarnaimh ó phaindéim COVID-19, tháinig cogadh agus scrios as ionradh na Rúise agus tháinig géarú ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus suaitheadh ar an ngeilleagar domhanda.

**Tá an tAontas ag leanúint de sheasamh i ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus lena muintir.** Ó bhí 2014 ann, tá cabhair dhaonnúil agus cabhair luath-théarnaimh breis agus EUR 1 bhilliún tugtha ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit don tír. Ón uair a tharla ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá méadú tagtha ar an tacaíocht sin, arb é atá ann agus breis agus EUR 4 bhilliún le haghaidh athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine i bhfoirm cúnamh macra-airgeadais, tacaíocht bhuiséadach, cúnamh éigeandála, freagairt ar ghéarchéimeanna agus cabhair dhaonnúil. Chuir an tAontas cúnamh míleata breis agus EUR 2 bhilliún ar fáil freisin faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Anuas air sin, d'fhreagair an tAontas go tapa agus go cinntitheach d'ionradh na Rúise trí smachtbhannaí a ghlacadh a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha acu ar an Rúis.

**Ó bhí an 24 Feabhra ann, tá daoine ina sluaite gan choinne ag teacht isteach san Aontas agus iad ar a dteitheadh ó fhogha na Rúise**. Go dtí seo, tháinig níos mó ná 6.2 milliún náisiúnach den Úcráin isteach san Aontas. Cé go bhfuil roinnt daoine ag filleadh ar an Úcráin agus go bhfuil an t-insreabhadh ag cobhsú de réir a chéile, tá líon suntasach daoine ag teacht go fóill agus tá an líon sin ag méadú. Tá tionchair éagsúla ag an insreabhadh ar fud na mBallstát. Tá líon an-mhór daoine ag teacht isteach i roinnt Ballstát agus réigiún, agus tugadh cosaint shealadach do líon daoine ar mó é ná 1 % den daonra náisiúnta in ocht mBallstát agus ar mó é ná 3 % sa Pholainn agus sa tSeicia.

**Is iarrachtaí gan fasach iad na hiarrachtaí glacadh le daoine easáitithe agus a lánpháirtiú le linn dóibh a bheith san Aontas a éascú.** Chuir na húdaráis áitiúla agus an tsochaí shibhialta go mór le tionscnaimh na mBallstát agus leanann siad de bheith ar thús cadhnaíochta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla agus dídean, éadaí, earraí sláinteachais, chomh maith le tacaíocht shíceolaíoch, san áireamh sa mhéid sin.

**Tá tacaíocht curtha ar fáil ag an Aontas trí bhearta agus cistiú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine easáitithe[1].** Chuir an tAontas Eorpach an Treoir um Chosaint Shealadach[2] i ngníomh den chéad uair riamh agus tugadh cosaint shealadach láithreach chomhchoiteann do dhaoine atá ar a dteitheadh ó fhogha na Rúise. Tugann an stádas cosanta sealadach rochtain ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar an margadh saothair, agus tá thart ar leathmhilliún páistí as an Úcráin ag baint tairbhe anois as an scolaíocht i dtíortha ina bhfuil dídeanaithe á n-óstáil.

---

[1] COM(2022) 131 final – Glacadh le daoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin: An Eoraip a ullmhú chun freastal ar na riachtanais.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle lena mbunaítear gurb ann do mhórphlódú daoine easáitithe isteach ón Úcráin.

Rinneadh tacaíocht an Aontais faoin Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta (RescEU) a shlógadh láithreach chomh maith, in éineacht le Cistí Gnóthaí Baile atá ar fáil go fóill faoi thréimhse 2014-2020. Ina theannta sin, tar éis na hócáide gealltanais “Stand Up for Ukraine”, tá EUR 400 milliún á úsáid as na Cistí Gnóthaí Baile mar Chúnamh Éigeandála do na Ballstáit is mó atá thíos leis. Beidh cuid de na cistí sin dírithe ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá acu maidir leis an gcéadghlacadh a chur ar fáil do dhaoine easáitithe ón Úcráin.

**I bhfianaise a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar an gcás, glacadh roinnt tograí chun an tsolúbthacht i gcistiú comhtháthaithe a mhéadú chun tacú leis na Ballstáit.** Le pacáistí comhleanúnacha[3] Ghníomhaíocht an Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) táthar ag cabhrú leis na Ballstáit tacaíocht éigeandála a chur ar fáil agus rochtain a fháil ar sheirbhísí amhail cóiríocht shealadach, soláthairtí bia agus uisce nó cúram leighis.

Ó thaobh úsáid sholúbtha a bhaint as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) faoi chláir chomhtháthaithe 2014-2020 le haghaidh tionscadal a thugann aghaidh ar na dúshláin imirce sin, cuireadh incháilitheacht chúlghabhálach i bhfeidhm ó dháta an ionraidh, le go gcumasófaí gach gníomhaíocht a rinneadh láithreach chun riachtanais ghaolmhara na ndídeanaithe a chumhdach.

Ina theannta sin, tugadh isteach costas aonaid saincheaptha chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe agus ar riaracháin na mBallstát a laghdú i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Thairis sin, cuireadh síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2022 leis an deis aisíocaíocht iomlán a fháil as caiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún agus méadaíodh go suntasach réamh-mhaoiniú ó acmhainní REACT-EU, arbh é a bhí ann EUR 3.5 billiún breise i réamhíocaíochtaí chun an t-ualach ar airgeadas poiblí na mBallstát a mhaolú.

Is féidir leis na Ballstáit an maoiniú sin a úsáid chun réitigh shaincheaptha a fhorbairt ar lánpháirtiú fadtéarmach daoine ar náisiúnaigh tríú tír iad, trí infheistíocht a dhéanamh sa tithíocht, san oideachas, san fhostaíocht, sa tsláinte, sa chuimsiú sóisialta agus sa chúram sóisialta, nó i seirbhísí sóisialta eile. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go tapa le coigeartuithe ar na cláir chun na sreafaí airgeadais a áirithiú san áit is mó a bhfuil gá leo.

**D’ainneoin na n-iarrachtaí uile a rinneadh, tá méadú leanúnach ag teacht ar na riachtanais.** Labhair go leor páirtithe leasmhara de chuid na sochaí sibhialta, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus na mBallstát leis an gCoimisiún agus tharraing siad anuas deacrachtaí sonracha a tháinig chun cinn maidir le cabhrú le daoine atá ar a dteitheadh ó fhogha na Rúise. Tá ábhair imní na ndaoine sin léirithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an

[3] Rialachán (AE) 2022/562 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1).
Rialachán (AE) 2022/613 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 (IO L 115, 13.4.2022, lch. 38).

gComhairle Eorpach[4], a d'iarr ar an gCoimisiún, ag a chruinniú speisialta an 30-31 Bealtaine, 'tionscnaimh nua a chur i láthair chun tacú leis an iarracht sin laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil'.

**Ag cur leis na hiarrachtaí a rinneadh roimhe seo, ghlac an Coimisiún tacar beart breise inniu chun solúbthacht an bheartais chomhtháthaithe a mhéadú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an chogaidh, agus leachtacht EUR 3.5 billiún a sholáthar.** Cabhróidh na bearta FAST-CARE sin lena áirithiú go mbeidh rochtain níos éasca agus níos tapúla ag na Ballstáit ar mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus san am céanna leanúint de thacú le téarnamh réigiúin na hEorpa.

## 2. Cúnamh solúbtha breise laistigh den bheartas comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an chogaidh

Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig daoine easáitithe isteach ina sluaite gan fasach, géaraíodh ar phraghsanna tráchtearraí, praghsanna fuinnimh agus bia san áireamh agus tá scrogaill athnuaite sa slabhra soláthair dá dheasca. Tá aghaidh á tabhairt ar na dúshláin sin sa bhreis ar an tacaíocht a thugtar chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus chun an téarnamh a neartú agus chun an t-ualach breise ar chistí poiblí na mBallstát a neartú. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar leibhéil easnaimh agus fiachais agus meastar go bhfanfaidh siad os cionn na leibhéal réamhphaindéime i bhformhór na mBallstát sna blianta atá le teacht.

Sa chomhthéacs sin, tá sraith chuimsitheach beart á moladh ag an gCoimisiún faoin mbeartas comhtháthaithe, agus na tionscnaimh a glacadh go dtí seo á gcomhlánú aige. Leis an gcúnamh solúbtha do chríocha (FAST – CARE), comhlánófar bearta CARE[5] agus luíonn an cúnamh sin ar dhá cholún: tograí reachtacha, ar thaobh amháin, lena gcuirtear solúbthacht bhreise ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe agus faoi réamh-mhaoiniú breise agus, ar an taobh eile, bearta comhlántacha neamhreachtacha chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na cistí agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn.

*Áirítear an méid seo a leanas ar na bearta reachtacha atá beartaithe:*

- Réamh-mhaoiniú breise EUR 3.5 billiún atá le híoc in 2022 agus in 2023 lena gcuirfear leachtacht bhreise thapa ar fáil do na Ballstáit ar fad.
- Ráta cómhaoinithe suas le 100 % le haghaidh tosaíochtaí lena gcuirtear lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tíortha faoi chláir 2014-2020 chun cinn agus, maidir leis an ráta méadaithe, beidh sé ar fáil chomh maith faoi chláir 2021-2027, go dtí lár 2024 ar a laghad agus tá deis ann é sin a athbhreithniú.
- I bhfianaise ról ríthábhachtach na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fheidhmíonn i bpobail áitiúla maidir le glacadh le daoine atá ar a dteitheadh ó fhogha

[4] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30 agus an 31 Bealtaine 2022

[5] Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an togra ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022, maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh do 2014-2020 a leasú chun tacú le hoibreoirí agus chun bearta géarchéime sonracha a thabhairt isteach.

na Rúise ar an Úcráin agus tacú leo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar 30 % ar a laghad den tacaíocht faoi na tosaíochtaí ábhartha d'údaráis agus d'eagraíochtaí den sórt sin.

- I gcás tionscadal lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce, beidh na Ballstáit in ann caiteachas a dhearbhú le haghaidh aisíocaíochta, fiú i gcás oibríochtaí a cuireadh i gcrích nó a cuireadh chun feidhme go hiomlán roimh thráth an roghnúcháin[6].
- Faoi CARE, thug an Coimisiún isteach costas aonaid nua chun go bhféadfadh na Ballstáit agus na tairbhithe costais incháilithe tionscadail a ríomh ar bhealach simplithe. I bhfianaise thionchar fhogha na Rúise, tá sé beartaithe an costas aonaid sin a mhéadú go EUR 100 in aghaidh na seachtaine ar feadh 26 seachtaine chun bunriachtanais agus tacaíocht daoine a ndeonaítear cosaint shealadach dóibh ón uair a thagann siad isteach san Aontas a chumhdach.
- Moltar an deis tras-mhaoinithe atá deonaithe cheana féin idir CFRE agus CSE a leathnú chuig an gCiste Comhtháthaithe chun tacú le tionscadail a thugann aghaidh ar na dúshláin sin, faoi chláir 2014-2020, gan beann ar a raon feidhme cáilitheachta traidisiúnta. Leis sin, beifear in ann leas a bhaint as slógadh acmhainní atá ar fáil fós faoin gCiste Comhtháthaithe chun críocha éigeandála agus críocha a bhaineann le lánpháirtiú.
- Le bearta eile is féidir leanúint de thacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí neamhchríochnaithe, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí eile fhogha míleata na Rúise ar chur chun feidhme chistí an Aontais, mar shampla an baol go mbeidh moilleanna ann mar gheall ar mhéaduithe praghsanna, go háirithe i gcás fuinnimh agus bia agus ganntanas na n-ábhar ionchuir, go háirithe in earnáil na tógála.
- Ina theannta sin, moltar tuilleadh solúbthachta le go bhféadfar tacaíocht a bhaineann le dídeanaithe a thabhairt d'oibríochtaí lasmuigh den limistéar a chumhdaítear leis an gclár lena gcuirtear an cistiú ar fáil ach laistigh den Bhallstát. Tá sé sin riachtanach mar go bhféadfadh daoine atá ar a dteitheadh ó fhogha na Rúise gluaiseacht laistigh de na Ballstáit nó eatarthu, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil lasmuigh de na réimsí a chumhdaítear leis na cláir chistiúcháin ar shlí eile.
- Ar deireadh, chun cur chun feidhme na gclár a éascú, thabharfaí solúbthacht bhreise chun aistrithe a dhéanamh laistigh de chláir, gan gá le cinntí ón gCoimisiún, chomh maith le leibhéal solúbthachta níos mó maidir le caiteachas a dhearbhú agus clabhsúr á chur ar chlár.

Chomh maith leis na bearta thuas, tá an Coimisiún ag obair go gníomhach freisin ar bhealaí chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí a thacaíonn le lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír. Ag cur leis na roghanna costais simplithe don tréimhse 2014-2020, déanfaidh an Coimisiún, roimh dheireadh na bliana, bealaí simplí a fhorbairt chun tacú le hoibríochtaí maidir le hoideachas, oiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, oiliúint a chur ar fhostaithe agus seirbhísí comhairleoireachta obairbhunaithe, a dtabharfar tacaíocht dóibh faoi CSE+ le haghaidh 2021-2027. Beidh forálacha sonracha i

[6] Beidh feidhm ag an tsolúbthacht sin freisin maidir le tionscadail a ndéantar difear dóibh sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh.

ngníomh tarmligthe nua le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a bhfuil sé d'aidhm acu lánpháirtiú fadtéarmach na ndaoine sin san Aontas a chothú.

Chomh maith leis na tograí reachtacha sin, leathnóidh an Coimisiún a thacaíocht do gheallsealbhóirí, do thairbhithe agus d'údaráis bhainistíochta trí dhá ghníomhaíocht neamhreachtacha bhreise.

*Áirítear ar na gníomhaíochtaí neamhreachtacha sin:*

- Ar an gcéad dul síos, déanfar na hathruithe atá beartaithe lena n-éascaítear céimniú tionscadal thar dhá chlárthréimhse a chomhlánú, nuair a ghlacfar na tograí reachtacha ón gCoimisiún, trí nuashonrú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le clabhsúr a chur ar chláir 2014-2020. Tiocfaidh as sin solúbthachtaí suntasacha breise a rachaidh chun tairbhe tionscadal neamhchríochnaithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) síneadh a chur leis na spriocdhátaí riaracháin chun iad a chur i gcrích le hacmhainní náisiúnta; (ii) méid na dtionscadal sin a fhéadfar a áireamh fós sna cuntais chríochnaitheacha a laghdú; agus (iii) tríd an sciar comhfhreagrach caiteachais a mhéadú, i gcomparáid leis an gcaiteachas iomlán arna chinneadh le haghaidh na gclár lena mbaineann.
- Ina theannta sin, sna seachtainí amach romhainn, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid na n-údarás conarthach atá ag streachailt faoi láthair le cur chun feidhme conarthaí, i ngeall ar dheacrachtaí eacnamaíocha a bhíonn ag conraitheoirí mar gheall ar chostais mhéadaithe agus deacrachtaí sa slabhra soláthair. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún treoir theicniúil shaincheaptha iomchuí a chur ar fáil, lena ndírítear go háirithe ar shoiléiriú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le modhnuithe ar chonarthaí atá ann faoin gcreat dlíthiúil reatha.

## 3. Conclúid

**Leis an bpacáiste sin, déanann an tAontas an beartas comhtháthaithe a oiriúnú a thuilleadh chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha na Rúise.** Is freagairt iad na tograí a ghabhann leis an Teachtaireacht seo ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach 'tionscnaimh nua a chur i láthair chun tacú leis an iarracht sin laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil'. Is é is aidhm dóibh cabhrú leis na Ballstáit, leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla a stiúrann an iarracht chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais dhaonnúla agus lánpháirtithe trí thacaíocht bhreise airgeadais agus solúbthacht bhreise a chur ar fáil.

**Cuidíonn an pacáiste a thuilleadh le hathléimneacht na réigiún a fhorbairt.** Tá sé i gcomhréir le cuspóir fadtéarmach an bheartais chomhtháthaithe éagothromaíochtaí a laghdú agus cóineasú a chur chun cinn agus ní athraíonn sé struchtúr ná cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe faoina chláir 2021-2027, lena n-áirítear na cuspóirí uileghabhálacha maidir leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, a ghabhann le chéile, a chur chun cinn go tapa. Cé go dtugtar isteach solúbthachtaí tábhachtacha, ní chuireann an pacáiste seo as do phrionsabail an smachta bhuiséadaigh ná na bainistíochta fónta airgeadais.

**Maidir leis na deiseanna a chruthaítear leis an tacar nua beart seo, agus as na tionscnaimh a glacadh le déanaí chomh maith, tá sé ríthábhachtach go mbainfidh na Ballstáit agus na réigiúin leas iomlán astu chun go mbeidh siad éifeachtach.** Soláthraítear leo solúbthachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe maidir leis an maoiniú don bheartas comhtháthaithe atá ar fáil inniu a úsáid agus tugtar aitheantas freisin do na hiarrachtaí ollmhóra atá déanta ag na Ballstáit agus ag na réigiúin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar comhordú éifeachtach ar an tacaíocht agus ar na féidearthachtaí uile a dheonaítear faoin mbeartas comhtháthaithe agus faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais chun tacú leis na daoine uile a bhfuil iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ag déanamh difear dóibh.

**Tá sé ríthábhachtach freisin go leanfaidh na comhreachtóirí ar aghaidh leis na bearta reachtacha atá molta a scrúdú agus a ghlacadh go tapa, chun a áirithiú go nglacfar go pras agus go héifeachtach leo.**